



lmetb

*Bord Oideachais agus
Oiliúna Lú agus na Mí*
Louth and Meath Education
and Training Board

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

PLEAN SEIRBHÍSE BLIANTÚIL 2022

Clár na nÁbhar

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí	3
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	4
Próifil / Cúlra BOO Lú agus na Mí.....	8
Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna)	8
Struchtúr Geografach.....	8
Oideachas Bunleibhéil.....	9
Oideachas Dara Leibhéil	9
Breisoideachas & Oiliúint	9
Ionad Oiliúna Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta (AMTCE).....	9
Seirbhísí Óige	10
Tacaí Eile.....	10
BOOÉ (Boird Oideachais & Oiliúna Éireann)	10
Limistéir gheografacha agus suíomhanna geografacha	10
Cúlra & Faisnéis Staitistiúil.....	10
Daonra agus Athrú Iarbhír agus Athrú Céatadán 2011 go 2016*	11
Is iad seo a leanas sprioc-chliant BOOLM:.....	11
Bainistíonn agus oibríonn BOOLM:	11
Ráiteas Straitéise	13
Ráiteas Misin	13
Croíluchanna agus Prionsabail:.....	14
Spriocanna Straitéiseacha	15
Timthriall pleanála sreabhadh oibre.....	16
Ráiteas Seirbhísí 2022	17
Forléargas ar Sheirbhísí	42
Ráiteas Seirbhísí – Seirbhísí Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta.....	42
Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta 2022.....	47

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

A Chairde, mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí, tá lúcháir orm Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) do 2022 a thabhairt isteach. Leagtar amach sa doiciméad seo plean oibriúcháin BOOLM don bhliain atá le teacht chomh maith le bheith mar bhonn don phlé lenár maoinitheoirí ar ár bhfeidhmíocht. Is é seo an chéad Plean Seirbhíse de chuid BOOLM faoi chreat an Ráitis Straitéise do 2022-2026 ar glacadh leis le déanaí.

Tá an phaindéim ar cheann de na téamaí is mó faoi chaibidil arís le linn 2021. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair chrua, diongbháilteacht agus misneach na foirne ar fud na heagraíochta a bhí, arís eile, inchurtha don dúshlán maidir leis na pobail a ndéanaimid freastal orthu a chosaint agus soláthar seirbhíse a chothabháil agus fiú a leathnú. Tá súil againn go léir gur féidir le daltaí, foghlaimeoirí, baill foirne agus tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith ag tnúth anois le filladh ar thimpeallacht níos normálta.

Tá dul chun cinn mór á dhéanamh ag BOOLM le blianta beaga anuas chun feabhas a chur ar bhonneagar tógála scoileanna agus ionad ar fud Lú agus na Mí araon. Tá obair shuntasach ar siúl chun áitribh reatha a leathnú agus chun áiseanna nua den scoth a thógáil. Tá príomhthionscadal breisoideachais agus oiliúna BOOLM, an tlonad Oiliúna Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta (AMTCE) ar bun in áitreabh úrscothach i nDún Dealgan. Is ceannródaí é an AMTCE don Oirthuaisceart agus tugann sé go hÉirinn oiliúint den chéad scoth in ard-déantúsaíocht trí thionscadal uathúil atá deartha chun freagairt do na dúshláin a bhaineann le tionscal 4.0 agus i gcomhthéacs oileán comhroinnte.

Chomh maith leis na hiarrachtaí comhoibríocha leanúnacha lenár maoinitheoirí sa Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus SOLAS, d'oibrigh BOOLM go dlúth freisin le páirtithe leasmhara ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta lena n-áirítear Údarás Áitiúla, Fiontraíocht Éireann, ÚFIÉ agus IHREC chun tionscnaimh fhorleathana a fhorbairt chun saol na bpobal a bhfreastalaímid orthu a fheabhsú ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe.

Leanfaidh BOOLM ar aghaidh ag óstáil Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha, tionscnamh a bhfuil tábhacht mhór ag baint leis do cheantar Dhroichead Átha – Oirthear na Mí agus a mbeidh tionchar níos leithne aige i gContae Lú agus na Mí.

Tá an-áthas orainn freisin go raibh deimhniú faighte againn ón Aire Harris, i mí na Nollag 2021, maidir le coláiste nua úrscothach den champas a thógáil i nDún Búinne, Co. na Mí. Guím gach rath ar ár bhfoghlaimeoirí agus ar ár bhfoireann go léir sa bhliain amach romhainn.



An Clr. John Sheridan
Cathaoirleach, BOOLM

John Sheridan

Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

Tá áthas orm, mar Phríomhfheidhmeannach ar BOO Lú agus na Mí, Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) 2022 a chur i láthair. Tá an plean seo faoi threoir ag, agus bunaithe ar, Ráiteas Straitéise BOOLM do 2022-2026 ar ghlac an Bord leis le déanaí agus a chuireann ar chumas BOOLM freagairt do na dúshlán éagsúla is dócha a thiofadh chun cinn sna cúig bliana amach romhainn. Tuigeann BOOLM go rímhaith treochtaí atá ag teacht chun cinn ar fud an domhain a mbíonn tionchar acu ar dheiseanna amach anseo dár mic léinn agus dár bhfoghlaimoirí, sa chomhthéacs sin déanaimid ár ndícheall i gcónaí cúrsaí oideachais agus oiliúna ceannródaíocha, socrúchán oibre agus printíseacht a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais ár bpobail agus ar riachtanais na fiontraíochta agus an ghnó.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt ar dtús d'obair éachtach na foirne le linn na paidéime domhanda agus tréaslú go háirithe do bhaill foirne a bhí linn ar feadh blianta fada ach a d'fhág an eagraíocht le linn na tréimhse deacra seo. Ba mhaith liom freisin mo chomhbhrón ó chroí a ghabháil le haon duine agus le gach duine ar bhain cailteanas nó drochshláinte dóibh le linn na tréimhse deacra seo.

D'fhág athruithe déimeagrafacha agus fás daonra sa dá chontae gur tréimhse an-spreagúil agus dúshlánach atá ann do BOOLM. Léirítear na hathruithe sin le rolluithe méadaithe agus le scoileanna nua agus tionscadail tógála a bheith á dtosú sa dá chontae.

Leanfaidh BOOLM ag soláthar tacaí óstála do Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha, ag leanúint lenár gcomhoibriú le gníomhaireachtaí reachtúla eile agus le grúpaí páirtithe leasmhara eile ar mhaithe leis an bpobal áitiúil. Tá ríméad ar BOOLM a bheith in ann gníomhaíocht an Bhoird a éascú thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt. Bunaithe de bhun na Tuarascála Scoipe ar Shábháilteacht agus Folláine Pobail i nDroichead Átha, tá obair an Bhoird Forfheidhmithe thar a bheith tábhachtach do Dhroichead Átha agus don cheantar máguaird, go háirithe ceantar na hInse-Bhaile an Bhiataigh. Beidh ról lárnach ag idirghabhálacha oideachais, oiliúna agus obair óige i seachadadh agus i rath an Bhoird Forfheidhmithe chomh maith le forbairtí pobail, eacnamaíochta agus eile.

Tar éis don Aire Harris an fógra a dhéanamh, tá BOOLM ag tnúth le dul chun cinn a dhéanamh ar thógáil coláiste saintógtha, úrscothach, breisoideachais agus oiliúna don todhchaí i nDún Búinne. Táthar ag dul chun cinn le hiarratas chuig SOLAS ar mhaoiniú chun suíomh oiriúnach a fháil do Choláiste na Todhchaí Dhún Búinne agus meastar go bhfaighidh BOOLM suíomh oiriúnach i mbliana. Tá súil ag BOOLM Foireann Deartha iomlán a sholáthar in 2022 chun an tionscadal seo a bhfuil géarghá leis a chur chun cinn ina ndéanfar infheistíocht chaipitil shuntasach san earnáil BO&O. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun tréaslú leo siúd arbh é a mbuanseasmhacht agus a bhfís a bhí taobh thiar den fhógra seo.

Tá BOOLM ag tnúth le deiseanna forbartha spreagúla agus nuálacha amach anseo i réimse BO&O agus tá forbairt shuntasach déanta acu ar an Ionad Oiliúna Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta agus Teicneolaíochta (AMTCE) i nDún Dealgan. Tá an AMTCE lonnaithe ar Chonair Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste agus soláthróidh sé na hardscileanna déantúsaíochta agus teicneolaíochta a theastaíonn do thodhchaí na déantúsaíochta sa réigiún. Tugann an t-ionad seo an chumhacht do thionscail fiontar agus déantúsaíochta leas a bhaint as próisis bharrainneacha, déantúsaíocht bhreisithe, róbataic, uathoibriú, réaltacht fhíorúil agus réaltacht mhéadaithe. Meastar go gcuirfidh sé sin borradh faoi tháirgiúlacht agus iomaíochas na gcuideachtaí rannpháirteacha agus go dtacóidh sé le teicneolaíochtaí nua a bheith á dtabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán dhomhanda /Breatimeachta agus chun suaití domhanda a sheasamh.

An mhí seo caite, rinne an tAire Ossian Smyth T.D. an chéad "Straitéis Uile-Rialtais don Gheilleagar Ciorclach" de chuid na hÉireann a sheoladh, ina leagtar amach fíis d'aistriú na hÉireann chuig ciorclaíocht mar chuid dár bhfreagairt ar an éigeandáil aeráide. Ghlac BOOLM leis an straitéis seo agus tá ár gcuidreamh le Modh Mear chuig Teicneolaíocht Faisnéise (FIT) tábhachtach maidir leis sin chun tacú le Tionscnamh Scileanna an Gheilleagair Chiorclaigh (CESI) a thugann deis ar ghairm nua spreagúil do mhna agus d'fhir a bhfuil suim acu saolré ár n-earraí bána a fhadú ar mhaithe le hinbhuanaitheacht, dramhaíl laghdaithe agus folláine chomhshaoil. Tacaíonn Beko, Belling, Blomberg, Bosch, Candy, Haier, Hoover, Electrolux, Fisher & Paykel, Flavel, Grundig, Hotpoint, Leisure, Indesit, Miele, Neff, Siemens agus Whirlpool leis an tionscadal nuálach seo. Reáchtáiltear an cúrsa CESI thar 26 seachtaine, agus ina dhiaidh sin 12 sheachtain de shocrúchán oibre ráthaithe. Tá sé saor in aisce do dhaoine faoi oiliúint, tá tacaíocht deontais aige ó Chiste Nuálaíochta CIRCULÉIRE. Cuireadh tús lenár gcéad chlár i mí na Samhna a bhí le comhoibriú idir BOOLM, Cumann na nEarraí Bána (WGA), WEEE Ireland agus an ghníomhaireacht um oiliúint theicniúil FIT, agus Ciste Nuálaíochta CIRCULÉIRE - an chéad líonra nuálaíochta faoi stiúir an tionscail in Éirinn atá tiomanta do dhlús a chur leis an ngeilleagar ciorclach. Molaim an freagra an-phras ónár bhfoireann, FIT agus na déantóirí éagsúla earraí bána a chinntigh go n-éireoidh go hiontach leis an tionscnamh CESI seo arb é an chéad cheann dár n-earnáil.

I mí Mheán Fómhair d'fhoilsigh an Rialtas a phlean tithíochta go dtí 2030 "Tithíocht do Chách - plean tithíochta nua d'Éirinn". I measc aidhmeanna an phlean tá sé i gceist lucht saothair na hearnála tógála a leathnú. Chuige sin, beidh gá le méadú breise ar dheiseanna oideachais agus oiliúna, go háirithe i réimse na bprintíseachtaí. Tá tiomantas uailmhianach sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Printíseacht 2021-25 chun clárúcháin phrintíseachta a mhéadú go 10,000 in aghaidh na bliana, beagnach dhá oiread an ghrúpa a glacadh isteach in 2020. Príomhréimse tosaíochta do sholáthar oiliúna BOOLM chun tacú leis seo, is ea an líon daoine a bhíonn rannpháirteach i réimse na printíseachta ceardaíochta a uasmhéadú, le béim ar leith ar réimsí amhail leictreachas agus déanamh uirlisí.

Cuirim fáilte roimh Athbhreithniú Tionscnaimh QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) ar Dhearbhú Cáilíochta in BOONa agus tá mé ag tnúth le meastóireacht sheachtrach neamhspleách an QQI a fháil ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtacht na nósanna imeachta um Dhearbhú Cáilíochta laistigh de Stiúirthóireacht Breisoideachais agus Oiliúna BOOLM.

Tá ríméad orm gur roghnaíodh BOOLM mar phátrún do scoil dara leibhéal nua 1,000 scoláire, Coláiste Ríoga, i nDún Seachlainn agus fáiltim roimh ár gcéad ghrúpa scoláirí a chuir tús lena n-oideachas dara leibhéal ansin i mí Mheán Fómhair seo caite.

Tá an-áthas orm freisin gur thosaigh an conraitheoir ar an láthair ag Iar-bhunscoil na Sceiche, rud a fhágfaidh go mbainfidh pobal uile na scoile tairbhe as an síneadh mór buan seo. Tá tús curtha freisin le hoibreacha 4 sheomra ranga ar an Aonad nua um Riachtanais Speisialta i gColáiste Pheadair, Dún Búinne agus leanann an tógáil ar aghaidh ar an láthair ag Scoil Náisiúnta Naomh Muire, an Bóthar Buí, scoil neamh-BOO. Ceapadh Foirne Deartha agus tá siad ag dul ar aghaidh trí réamhchéimeanna an deartha le haghaidh síntí móra i gColáiste Pobail Naomh Oilibhéar, Droichead Átha agus Coláiste Pobail Dhún Seachlainn, dhá cheann de na scoileanna is mó sa tír.

Tar éis suíomh iontach a fháil san Uaimh do scoil nua bhuan 16 sheomra ranga do Phobalscoil Náisiúnta Ard Rí, agus do Scoil Speisialta Naomh Ultan, tá BOOLM agus ár bhFoireann Deartha i dteagmháil leis an mbeirt phríomhoidí agus táthar ag dul ar aghaidh leis na scéimeanna beartaithe. Tá mé ag súil leis an tionscadal seo ag dul ar aghaidh trí chéimeanna an deartha i mbliana.

Tar éis idirphlé leanúnach le hoifigigh sa Roinn Oideachais, aontaíodh sceideal méadaithe cóiríochta don cheanncheathrú chorparáideach nua i nDroichead Átha agus táimid ag fanacht le ceadú go gcuirfidh an Fhoireann Deartha tús arís leis an bpróiseas an deartha a chuirfidh ar chumas an tionscadail dul chun cinn a dhéanamh agus ceaduithe reachtúla a fháil. Rinne BOOLM ionadaíocht don Roinn do thionscadal nua tógála scoile Choláiste Uí Chearúlláin atá le cineachadh anois chuig BOOLM in 2022. Tá áthas orm go mbeidh BOOLM in ann an tionscadal seo a chur ar aghaidh go tapa chuig tógáil tríd an modh seachadta cineachta.

Tá buantionscadail scoile i gColáiste na hInse, i mBaile na hInse agus ag Coláiste Beaufort, san Uaimh ag dul ar aghaidh go tapa trí chéimeanna an deartha agus táthar ag súil go bhfaighidh siad cead pleanála i mbliana.

Cuireann na forbairtí seo deiseanna iontacha ar fáil do rollú méadaithe scoláirí a mbeidh deiseanna fostaíochta méadaithe múinteoirí mar thoradh iarmhartach acu do réigiún Lú agus na Mí, rud a chinnteoidh go leanfaidh BOOLM ar aghaidh mar an soláthraí oideachais is mó sa réigiún.

Leanann BOOLM orthu ag tacú le scoileanna neamh-BOO lena dtionscadail tógála agus tá aonad ASD 3 rang á bhainistiú acu faoi láthair do Scoil Náisiúnta Naomh Muire, An Bóthar Buí; scoil nua 5 sheomra ranga do Scoil Náisiúnta Naomh Peadar, Dún Búinne; síneadh ar Scoil Náisiúnta Naomh Proinsias, An Charraig Dhubh, Co. Lú, síneadh ar Mheánscoil Loreto, an Uaimh; agus, Bunáit Riachtanais Speisialta Oideachais 4 sheomra ranga do Scoil Náisiúnta Oideachais le Chéile na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath.

Cuireann na forbairtí seo deiseanna iontacha ar fáil do rollú méadaithe scoláirí a mbeidh deiseanna fostaíochta méadaithe múinteoirí mar thoradh iarmhartach acu do réigiún Lú agus na Mí, rud a chinnteoidh go leanfaidh BOOLM ar aghaidh mar an soláthraí oideachais is mó sa réigiún.

Buíochas le Dia, bíonn tacaíocht againn ó Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais, an tUasal Seán Ó Foghlú agus a chuid oifigeach, mar aon le tacaíocht ón Uasal Jim Breslin, Ard-Rúnaí na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus ón Uasal Andrew Brownlee, Príomhfheidhmeannach SOLAS. Chuir a dtacaíocht chomhcheangailte ar ár gcumas áiseanna oideachais agus oiliúna den chéad scoth a chur ar fáil dár mic léinn agus dár bhfoghlaimoirí go léir. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne an tUasal Ó Foghlú, ní hamháin do BOOLM, ach don earnáil oideachais agus oiliúna i gcoitinne le linn a thréimhse oifige agus gach dea-shláinte a ghuí air ar scor dó. Fáiltím roimh an Ard-Rúnaí nua, Bernie Mc Nally, as Contae Mhuineacháin ó dhúchas agus tá mé ag tnúth le bheith ag obair léi, agus tapaím an deis seo chun comhghairdeas a dhéanamh léi agus gach rath a ghuí uirthi ina ról nua.

Leanann BOOLM air ag obair chun a dhualgas san earnáil phoiblí maidir le comhionannas a ionchorprú ina chur chuige straitéiseach agus inár bpleanáil seirbhíse araon chun freastal ar an bhfoghlaimoir ar an mbealach is fearr le haghaidh eispéireas oideachais agus oiliúna ar feadh an tsaoil atá go hiomlán cuimsitheach.

Tá BOOLM ag súil go muintíneach le leanúint ar aghaidh ag obair leis na pobail a bhfreastalaíonn sé orthu le tacaíocht óna Bhord, Coistí, Boird Bhainistíochta, Máthair-Ranna agus maoinitheoirí. Bhí ról ríthábhachtach ag gach ball den Bhord, idir chomhaltaí reatha agus iar-chomhaltaí, maidir le tacú le héachtaí comhchoiteanna BOOLM agus tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt dá n-ionchur. Tá mé féin, agus iad féin, ag tnúth le go leor deiseanna forbartha tábhachtacha in 2022.

Tá mé féin, mar Phríomhfheidhmeannach ar BOOLM, le tacaíocht ó m'Fhoireann Ardbhainistíochta, tiomanta do chur i bhfeidhm an Phlean Seirbhíse seo agus tá mé ag tnúth le dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara BOOLM ag gach leibhéal agus muid ag dul tríd an bpróiseas chun ár spriocanna agus ár ngníomhartha uailmhianacha a chur i bhfeidhm. Molaim an Plean Seirbhíse seo duit agus a fhios agam go gcabhróidh sé linn eispéireas na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú. Táim muiníneach gur féidir linn, le tacaíocht ó cheannairí agus ó bhaill foirne uile BOOLM, leanúint ar aghaidh ag déanamh fíordhul chun cinn maidir lenár spriocanna a chur i bhfeidhm an bhliain seo chugainn agus ina diaidh sin.



Máirtín G. Ó Briain

Príomhfheidhmeannach, BOOLM

Máirtín G. Ó Briain


Próifil / Cúlra BOO Lú agus na Mí

Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna)

Is údaráis reachtúla iad BOOnna atá freagrach as oideachas agus oiliúint, obair don óige agus raon feidhmeanna reachtúla eile. Déanann BOOnna scoileanna dara leibhéal, coláistí breisoideachais, scoileanna náisiúnta pobail agus réimse d'ionaid oideachais agus oiliúna aosaigh agus breisoideachais agus oiliúna a sholáthraíonn cláir oideachais agus oiliúna a bhainistiú agus a oibriú. Tá feidhmeanna ginearálta Boird Oideachais agus Oiliúna leagtha amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Struchtúr Geografach

Tá sé cinn déag de BOOnna ar fud na tíre atá leagtha amach mar seo a leanas:



Oideachas Bunleibhéil

Is iad BOOnna pátrún ainmnithe roinnt Pobalscoileanna Náisiúnta. Is scoileanna leanbhlaraithe, ilchreidmheacha, atá cuntasach go poiblí iad Pobalscoileanna Náisiúnta (CNS) a fhéachann le hoideachas ardchaighdeán a chur ar fáil do gach leanbh de réir Churaclam na Bunscoile agus treoirlínte atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais. Tá BOOLM ina phátrún ar cheithre Phobalscoil Náisiúnta, ceann amháin i gContae Lú agus trí cinn i gContae na Mí.

Oideachas Dara Leibhéil

Bainistíonn BOOnna aon trian de na scoileanna dara leibhéil go léir sa tír – oideachas do níos mó ná 100,000 dalta. Feidhmíonn siad polasaithe rollaithe ionchuimsitheacha agus freastalaíonn siad ar líon suntasach scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá BOOLM ina phátrún ar ocht nIar-bhunscoil déag, cúigear i gContae Lú agus trí cinn déag i gContae na Mí.

Breisoideachas & Oiliúint

Cuireann BOOLM seirbhísí ar fáil i réimse an Bhreisoideachais agus Oiliúna (BO&O), arna maoiniú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) trí SOLAS. Tá Soláthar BO&O BOOLM dírithe trí phríomhréimsí cláir, lena n-áirítear; Printíseachtaí, cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (IAT), Cúrsaí Oiliúna, Litearthacht agus Uimhearthacht, soláthar oiliúna a bhaineann le scileanna ar leith, Oideachas Pobail, Ógtheagmháil, Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) srl. Tá sé mar aidhm ag na cláir seo aghaidh a thabhairt ar phríomhréimsí sprice soláthair. D'fhéadfadh go n-áireofaí ar fhoghlaimoirí BO&O daoine atá dífhostaithe, sa bhaile agus iad ag iarraidh uas-sciliú a dhéanamh, iad sin ag filleadh ar an bhfórsa oibre nó a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí pobail agus deonacha, fostóirí, iad sin atá fostaithe, daoine atá ag lorg an dara deis chun teacht ar Oideachas agus nó ar Oiliúint srl. Faigheann foireann BO&O agus foghlaimoirí tacaíocht agus cumasú ó sheirbhísí lena n-áirítear Treoir agus seirbhísí faisnéise, foghlaim le cuidiú teicneolaíochta, TFC, seirbhísí Cumarsáide, seirbhísí Forbairt Ghairmiúil agus seirbhísí tacaíocht foghlama. Bíonn feidhm BO&O BOOLM ag riar ar 22,564 tairbhí gach bliain, áirítear leis an bhfigiúr sin 1,265 tairbhí a ghlac páirt i gcláir féinmhaoinithe. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na cláir atá ar fáil, féach ar shuíomh gréasáin BOOLM.

Ionad Oiliúna Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta (AMTCE)

Bunaíodh an tIonad Oiliúna Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta (AMTCE) atá lonnaithe i bPáirc Theicneolaíochta Xerox, Dún Dealgan Eanáir 2021 chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oiliúna na hearnála ard-déantúsaíochta in Éirinn. Tá claochlú digiteach á dhéanamh ar earnálacha amhail innealtóireacht, cógaisíocht, bia agus deochanna agus feistí leighis atá á dtiomáint ag glacadh le teicneolaíochtaí tionscal 4.0. Cuireann an AMTCE oiliúint ar fáil thar réimse leathan teicneolaíochtaí a bhaineann le hoibríochtaí déantúsaíochta reatha agus iad siúd a theastaíonn in oibríochtaí a thiomáintear ag tionscal 4.0. Tá oiliúint dírithe ar fhoghlaim ó thaithí trí thaithí phraiticiúil leis an trealamh is déanaí faoi threoir na gcleachtóirí oiliúna tionsclaíocha is fearr ar bhealach a thugann dearbhú cáilíochta iomlán chun eispéreas foghlama iontach a chinntiú. Is í fíis an AMTCE:

- Cabhrú le monaróirí Éireannacha glacadh le dearadh, nuálaíocht, teicneolaíochtaí, próisis agus cleachtais cheannródaíocha.
- Córas oideachais agus oiliúna na hÉireann a shuíomh chun an t-eolas agus na scileanna atá mar bhonn agus mar thaca ag lucht saothair na todhchaí a sholáthar trí ról na bprintíseachtaí, na gcúrsaí oiliúna agus na hoiliúna do dhaoine fostaithe a neartú trí fhorbairt scileanna a bhunú d'fhonn an earnáil déantúsaíochta in Éirinn a chur chun cinn.

- Acmhainní a chur ar fáil don sealbhú scileanna, na cláir oiliúna, na tacaí agus na seirbhísí is gá chun cur ar chumas monaróirí Éireannacha lucht saothair ardoilte a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil san am atá amach romhainn.
- Déantúsaíocht a shuíomh mar shlí bheatha chéadrogha d'iontrálaithe nua agus d'oibríthe oilte a bhfuil taithí acu a thairgeann gairmeacha ardluacha atá saibhir ó thaobh na teicneolaíochta de agus seasmhach.
- Éagsúlacht an lucht saothair déantúsaíochta a mhéadú trí chláir spriocdhírithé ar leith a sholáthar.
- Oiliúint a sholáthar do lucht saothair reatha agus amach anseo ar threalamh agus ar phróisis úrscothacha atá ábhartha don tionscal a bheidh mar bhonn faoi aistriú cuideachtaí chuig oibríochtaí bunaithe ar thionscal 4.0.

Tugann an AMTCE aghaidh ar riachtanais an tionscail trí oiliúint ardchaighdeán a sholáthar bunaithe ar mheicníochtaí seachadta solúbtha lena n-áirítear seachadadh seomra ranga, cumaisc agus ar líne. Tugann an tlonad rochtain freisin ar threalamh úrscothach chun a chinntiú go bhfaigheann foghlaimoirí deis ar fhoghlaim phraiticiúil ardchaighdeán ó thaithí agus oiliúint atá dírithe ar scileanna a bhfuil meas mór ag fostóirí uirthi. Chuir an AMTCE a chéad chúrsa oiliúna ar fáil an 20 Lúnasa, 2021. San iomlán chuir an AMTCE 31 cúrsa ar fáil, chuir sé oiliúint ar fáil do 237 foghlaimoir le níos mó ná 40 cuideachta ag baint tairbhe dhíreach as an soláthar oiliúna. I measc na gcúrsaí a sheachadtar tá Prionsabail Leictreacha, Nuálaíocht Trí Róbataic, Scríbhneoireacht Theicniúil, Córais Leictreacha Thionsclaíocha, Rialaitheoirí Loighce In-ríomhchláraithe, Cothabháil Choisctheach, Crios Glas (ar uirlisí) Six Sigma, Táthú Róbatach, agus Blaiseadh den Róbataic i measc rudaí eile. Ina theannta sin, chríochnaigh AMTCE seachadadh a chéad chláir oiliúna shaincheaptha ar Thoise agus ar Lamháltas Geoiméadrach do chuideachta innealtóireachta áitiúil. Chuaigh os cionn 100 cuideachta i dteagmháil leis an AMTCE trí oiliúint, ceardlanna, seimineáir ghréasáin, cruinnithe faisnéise bricfeasta srl. Ina theannta sin, d'óstáil an tlonad ceardlann ar an topaic Déantúsaíocht Shuimitheach i gcomhar le GBIRE/Inspire3D. Reáchtáil an tlonad sraith de sheimineáir ghréasáin freisin dar teideal "Sonraí i gcomhair Eagraíochtaí Déantúsaíochta" ina raibh 3 sheisiún am lóin a chuir príomhchleachtóirí tionscail ar fáil.

Seirbhísí Óige

Tá réimse clár ann a chuireann Seirbhísí Óige ar fáil do dhaoine óga agus a dtacaíonn siad leo.

Tacaí Eile

Comhoibríonn BOOnna freisin le gníomhaireachtaí reachtúla eile agus le grúpaí páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla chun cláir ghníomhaíochta tosaíochta éagsúla a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla na gcliantghrúpaí i bpobail áitiúla.

BOOÉ (Boird Oideachais & Oiliúna Éireann)

Is é BOOÉ an comhlacht ionadaíoch náisiúnta do bhaill BOO agus déanann sé caibidlíocht thar ceann na hearnála BOO ag fóraim éagsúla laistigh den earnáil oideachais, den tseirbhís phoiblí i gcoitinne agus ag leibhéal an AE.

Limistéir gheografacha agus suíomhanna geografacha

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí réimse leathan seirbhísí oideachais, oiliúna agus tacaíochta ar fáil ar fud an dá chontae. Tá liosta iomlán de scoileanna agus de sheirbhísí breisoideachais agus oiliúna ar fáil thíos.

Cúlra & Faisnéis Staitistiúil

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) faoin Acht um Boird

Oideachais agus Oiliúna 2013. Bunaíodh BOOLM ó chónascadh CGOnna Chontae Lú agus Chontae na Mí. Rinne an tAcht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 foráil d'iarfheidhmeanna oiliúna agus d'iarfhoireann FÁS a aistriú chuig na BOOnna nuabhunaithe. Ar an 1 Iúil 2014, tháinig iar-ionad oiliúna FÁS i nDún Dealgan, Co. Lú faoi rialachas BOOLM. Is é BOOLM an soláthraí oideachais cuimsitheach is mó i réigiún Lú agus na Mí le réimse seirbhísí oideachais ó bhunoideachas go hiar-bhunoideachas agus breisoideachas agus oiliúint. Tá struchtúr corparáideach ag BOOLM atá comhdhéanta de bhord a cheaptar go daonlathach agus d'fhoireann ardbhainistíochta (feidhmiúcháin).

Freastalaíonn BOOLM ar chontaetha Lú agus na Mí le daonra de thart ar 323,317 duine. Tá anailís de réir contae le feiceáil thíos:

Daonra agus Athrú Iarbhír agus Athrú Céatadáin 2011 go 2016*

Lú	Daonra	128,375
	Athrú iarbhír ó 2011 i leith	5,478
	Athrú % ó 2011	4.5%
An Mhí	Daonra	194,942
	Athrú iarbhír ó 2011 i leith	10,807
	Athrú % ó 2011	5.9%
Lú & An Mhí	Daonra	323,317
	Athrú iarbhír ó 2011 i leith	16,285
	Athrú % ó 2011	5.3%

**Réamhshonraí na Príomh-Oifige Staidrimh*

I measc na seirbhísí a sholáthraímid tá oideachas bunleibhéil, oideachas dara leibhéil, breisoideachas agus oiliúint agus seirbhísí a bhaineann leis an óige chomh maith le cláir agus seirbhísí oideachais pobalbhunaithe eile. Cuirtear gach seirbhís ar fáil ag an leibhéal áitiúil. Cuireann BOOLM oiliúint ard-déantúsaíochta ar fáil freisin ón AMTCE i nDún Dealgan.

Is iad seo a leanas sprioc-chliaint BOOLM:

- Scoláirí agus/nó a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí
- Foghlaimeoirí fásta
- Pobail ar fud an dá chontae
- Daoine óga agus oibríthe deonacha
- Iarratasóirí agus faighteoirí deontais faoi na scéimeanna éagsúla tacaíochta do mhic léinn atá á riar go díreach ag an BOO
- Eagraíochtaí deonacha, pobail agus spóirt
- Gnó agus Tionscal

Bainistíonn agus oibríonn BOOLM:

- 18 Scoil dara leibhéil lena n-áirítear scoil amháin le soláthar IAT
- 2 Shaincholaíste IAT,
- 4 Phobalscoil Náisiúnta

- 1 Lárionad um Scolaíocht Eorpach
- 1 Ionad Oiliúna
- 1 Ionad Oiliúna Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta agus Teicneolaíochta
- 8 nIonad Ógtheagmhála
- 2 Chomhpháirtíocht Oideachas Ceoil
- 7 gcampas/n-ionad BO&O ilúsáide a thairgeann réimse clár agus seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna

Tá BOOLM ina chomhphátrún ar 6 Phobalscoil i mBaile Átha Fhirdhia, Ceanannas Mór, Baile Átha Troim, Baile Átha Buí, Cill Dhéagláin, agus Baile Mhic Cionnaith, Droichead Átha.



Stiúrtóireacht na Scoileanna, BOOLM

1 Stiúrtóir Scoileanna		4 Scoil Náisiúnta Phobail	
18 nIar-Bhunscoil		13,000 Dalta	
2500 Ball Foirne in BOOLM		1 Aonad don Scolaíocht Eorpach	
6 Scoil Chomh-Phátrúnachta (Iar-bhunscoileanna)		61 Príomhoide agus Leas-Príomhoide	
22 Aonad Riachtanas Speisialta		130 Cúntóir Riachtanas Speisialta	
28 Bord Bainistíochta (Scoileanna BOOLM agus Scoileanna Comh-Phátrúnachta)		1 Choiste Comhairleach Bainistíochta	

www.lmetb.ie



Ráiteas Straitéise

D'fhaomh an Bord ráiteas straitéise BOOLM do 2022-2026 an 18 Samhain 2021. Bunaíodh grúpa oibre straitéise ar a raibh comhaltaí Boird BOOLM, an Clr. Marianne Butler agus an Clr. Damien O'Reilly agus baill foirne shinsearacha TFE chun cabhrú leis an ráiteas straitéise a fhorbairt lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar chomhairliúchán agus anailís ar fhreagraí. Baineadh feidhm as teicníc phleanáil straitéiseach ar a dtugtar "PESTLE" chun measúnú a dhéanamh ar thiománaithe seachtracha le haghaidh athraithe faoi shé cheanteideal chomhshaoil: polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, teicneolaíochta, dlíthiúil agus comhshaoil. Bhí sé de dhualgas ar BOOLM dul i gcomhairle le líon iomlán na bpáirtithe leasmhara atá leagtha amach san acht. Rinneadh an comhairliúchán trí shuirbhé leictreonach agus trí ríomhphost gan comhairle sláinte phoiblí a dhearmad. Iarradh ionchur ar chomhairlithe a bhaineann le misean, luachanna agus prionsabail, agus maidir le láidreachtaí, deiseanna, mianta agus torthaí faoi SOAR. Is cur chuige foirmithe straitéise é SOAR a ligeann d'eagraíocht díriú ar láidreachtaí reatha agus ar an todhchaí inmhianaithe trí dhul i dteagmháil le réimse leathan daoine aonair agus grúpaí páirtithe leasmhara a raibh infheistíocht déanta acu. Bhí an Grúpa Oibre Straitéise in ann brath ar aiseolas ó 114 comhairle chun bonn eolais a chur faoina gcuid smaointeoireachta ar fhorbairt straitéise. De ghnáth, léirigh freagróirí an tsuirbhé go raibh siad sásta le misean, luachanna agus prionsabail luaite BOOLM agus rinneadh roinnt athruithe chun an t-aiseolas a fuarthas a léiriú. Tar éis anailís a dhéanamh ar shonraí SOAR agus PESTLE agus anailís a dhéanamh ar straitéisí na Roinne Oideachais, DFHERIS, Straitéis Náisiúnta BO&O, Fiontraíocht Éireann agus an Plean Um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021, cuireadh sraith spriocanna straitéiseacha ardleibhéil le chéile agus, tar éis dul i gcomhairle le grúpa oibre na Straitéise, moladh do Bhord BOOLM iad. Leagtar amach i bPleananna Seirbhíse Bliantúla na PTFanna (príomhtháscairí feidhmíochta) chun dul chun cinn a thomhas i gcoinne straitéise.

Tá príomhghnéithe na straitéise leagtha amach thíos.

Ráiteas Misin

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) tiomanta do shármhaitheas agus do nuálaíocht in oideachas agus in oiliúint foghlaimoirí trí sheirbhísí dinimiciúla a sholáthraíonn an fhoireann ghairmiúil a chur ar fáil. Táimid bródúil as freastal ar phobail Lú agus na Mí, oibriú lenár gcomhpháirtithe oideachais agus cur le forbairt agus fás an tsoláthair oideachais agus oiliúna sa réigiún. Tá sé mar aidhm ag BOOLM a bheith ar an bpríomhsholáthraí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán i Lú agus sa Mhí trí réimse éagsúil cláir inrochtana, fhorásacha agus fhreagrúla a bhainistiú agus a sheachadadh.

Croíluachanna agus Prionsabail:

Is é atá i gceist le Ráiteas Misin BOOLM sraith croíluachanna agus bunphrionsabal a forbraíodh i gcomhairle le gach grúpa páirtithe leasmhara. Is iad sin:


Luachanna BOOLM	
Barr Feabhais	Tugtar na caighdeáin is airde soláthar seirbhíse do gach páirtí leasmhar.
Nuálaíocht	Moltar don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí a bheith forásach, cruthaitheach agus dinimiciúil ina gcleachtais teagaisc agus foghlama. Moltar don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí uirlisí TFC a ghíaráil chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú.
Foghlaimoir-lárnach	Is mar fhreagra ar riachtanais na bhfoghlaimoirí i gcontaetha Lú agus na Mí a chuirtear cláir agus seirbhísí BOOLM ar fáil.
Tacú leis an Aistriú	Cuirtear Cláir agus tacaí Aistrithe, Trasdula agus Treorach ar fáil do gach foghlaimoir lena chinntiú go ndéanann siad na roghanna cearta maidir le bealaí agus roghanna gairme agus go n-aistríonn siad go rathúil ó chéim amháin dá dturas oideachais go céim eile.
Foghlaim	Cuirtear dearcadh foghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn i measc na foirne agus na bhfoghlaimoirí.
Comhionannas	Tugtar rochtain ar oideachas agus ar thacaí do gach foghlaimoir a uasmhéadaíonn a ndeiseanna foghlama agus a chabhraíonn leo a n-acmhainneacht a bhaint amach.
Cuimsiú	Cuirtear ar chumas gach foghlaimoira páirt éifeachtach a ghlacadh san oideachas, go háirithe na grúpaí sin a mbainfeadh eisiámh nó leithlisiú díobh.
Iomlánaíocht	Cothaíonn na cláir agus na seirbhísí atá ar fáil in BOOLM gnéithe morálta, mothúchánacha, fisiciúla, sóisialta, síceolaíochta agus spioradálta an fhoghlaimoira.
Gairmiúlacht	Moltar don fhoireann, d'fhoghlaimoirí agus dár bpáirtithe leasmhara idirghníomhú lena chéile ar bhealach cúirtéiseach, measúil agus gairmiúil ina gcuirtear fáilte roimh an éagsúlacht agus ina nglactar léi.
Freagrúlacht	Is é feasacht ar riachtanais náisiúnta agus áitiúla atá mar bhonn don soláthar.
Folláine	Trí na cláir agus na seirbhísí atá ar fáil in BOOLM déanaimid ár ndícheall féinmhuinín na bhfoghlaimoirí a fhorbairt agus folláine na foirne agus na bhfoghlaimoirí a chur chun cinn.
Cothroime	Tá beartais, nósanna imeachta agus cleachtais uile BOOLM cothrom agus réasúnta.
Ionracas	Táthar ag súil go ngníomhóidh baill foirne, foghlaimoirí agus páirtithe leasmhara go hionraic, go cuí agus go trédhearcach i gcónaí.
Comhpháirtíocht & Comhoibriú	Déantar cláir agus seirbhísí a fhorbairt agus a sheachadadh i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara.
Luach ar Airgead	Déantar obair BOOLM ar bhealach éifeachtúil agus aird chuí á tabhairt ar chuntasacht phoiblí.

Spriocanna Straitéiseacha

1	Eispéireas Ardchaighdeáin a chur ar fáil d'Fhoghlaimeoirí	Tacú le soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán agus feabhas a chur ar an eispéireas foghlama chun freastal ar riachtanais gach foghlaimeora.
2	Cothromas Deiseanna a Chinntiú	Cothromas deiseanna san oideachas agus san oiliúint a chinntiú ionas go dtacófar le gach foghlaimeoir chun a gcumas a bhaint amach.
3	Nuálaíocht agus comhoibriú a chur chun cinn	Fócas scileanna agus nuálaíochta a ghlacadh agus comhoibriú ar bhonn uile-oileáin agus Thoir-Thiar, laistigh den AE agus níos faide i gcéin chun Éire a chumasú chun dul san iomaíocht ar an ardán domhanda.
4	Creat Rialachais agus Tacaíochta Ardchaighdeáin a sholáthar	Creat rialachais agus tacaíochta a sholáthar a sholáthraíonn na córais agus an bonneagar ceart do BOOLM agus a éascaíonn seachadadh éifeachtúil agus éifeachtach sheirbhísí oideachais agus oiliúna BOOLM
5	Gníomhú go hInbhuanaithe	Gníomhú ar bhealach atá ag teacht le todhchaí inbhuanaithe agus atá ag teacht le Plean Gníomhaithe na hÉireann 2021 ar son na hAeráide.

Timthriall pleanála sreabhadh oibre

Léirítear timthriall pleanála an tsreafa oibre thíos. Baintear úsáid as an bpróiseas seo chun trédhearcacht, soiléireacht cuspóra a chinntiú agus chun fócas a choinneáil ar oibriú go gníomhach chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach thar shaolré an Ráitis Straitéise.



Ráiteas Seirbhísí 2022

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus BOOLM, aithníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas chomh maith le tarraingt ar aidhmeanna agus ar thosaíochtaí Ráiteas Straitéise BOOLM 2022-26. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí sonracha chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach, mar aon leis na táscairí agus na spriocanna feidhmíochta gaolmhara atá le seachadadh.

Aidhm	Tosaíocht	Gníomhaíocht	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Eispéireas na Scoláirí / bhFoghlaimoírí a Bharrfheabhsú (Aidhm Straitéiseach 1 - Eispéireas Ardchaighdeáin a Sholáthar d'Fhoghlaimoírí)	Eispéireas foghlama dearfach a chur ar fáil do gach foghlaimoír, lena n-áirítear foghlaimoírí ó ghrúpaí imeallaithe agus cabhrú le mic léinn / foghlaimoírí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil de réir an bheartais náisiúnta reatha (<i>De réir na Roinne Oideachais</i>)	Soláthar leanúnach réimse leathan clár ag leibhéil 1-6, agus tacaí gaolmhara, chun rannpháirtíocht foghlaimoírí de gach aois agus cumas a éascú Aonaid riachtanas speisialta a oscailt do scoláirí le ASD (neamhord de chuid speictream an uathachais).	Réimse leathan clár BO&O tairgthe agus a curtha ar fáil Idirghabhálacha spriocdhírthe chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil agus tacaí gaolmhara. Athbhreithniú agus Forbairt ar na cláir. Maidir le seirbhísí tacaíochta BO&O – Oifig tacaíochta d'fhoghlaimoírí a bhunú. Soláthar tacaíochta ó Oifigigh TEL agus DC, gach foghlaimoír. Tá gach clár de chuid na Roinne Oideachais atá ar fáil i scoileanna chun freastal ar riachtanais na scoláirí lena n-áirítear SS, TSCS (Scoileanna DEIS), AT, Idirbhliain, GCAT agus ATF, CFL1anna agus CFL2nna Idirchaidreamh le OLOanna (Oifigigh Leasa Oideachais) TUSLA maidir le cláir a sholáthar do scoláirí atá i mbaol luathfhágáil scoile Forbairt Clár do na mic léinn sin is mó atá i mbaol. Chuir Stiúirthóireacht Scoileanna BOOLM agus Seirbhís Tacaíochta Oideachais TUSLA tionscadal beartaithe do dhaoine 'i mbaol' idir 12-15 bliana d'aois i gceantar Dhroichead Átha chuig Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha	Rolluithe méadaithe agus coinneáil láidir Laghú ar líon na ndaoine a tharraingíonn siar ón scolaíocht roimh an Teastas Sóisearach trí thacaí agus trí chláir bhreise a sholáthar atá curtha in oiriúint do riachtanais sainréimsí Méadú ar líon na mac léinn a théann ar aghaidh chuig printíseachtaí / Breisoideachas agus Ardoideachas Aithníonn Foirne Tacaíochta/Foirne Cúraim do Mhic Léinn mic léinn agus tugann siad tús áite dóibh le haghaidh tacaí feabhsaithe inmheánacha agus seachtracha Méadú ar líon na scoláirí atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seachchuraclaim Leathnú agus athbhreithniú leanúnach ar dheiseanna Dámhachtainí do Scoláirí i scoileanna Méadú ar líon na CRSanna ar fud Lú agus na Mí

			<p>Foirme Struchtúrtha Tacaíochta / Cúraim do Scoláirí i ngach Scoil</p> <p>Réimse gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim a sholáthar ina mbíonn gach scoláire san áireamh</p> <p>Gradaim Mhiosúla agus Bhliantúla Scoláirí Cumarsáid rialta le CNOS</p>	
Sprioc	Tosaíocht	Gníomhaíocht	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
<p>Eispéireas na Scoláirí / bhFoghlaimoirí a Bharrfheabhsú (Aidhm Straitéiseach 1 - Eispéireas Ardchaighdeáin a Sholáthar d'Fhoghlaimoirí)</p>	<p>A chinntiú go bhfuil gach beart riachtanach um chosaint leanaí i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus larbhunscoileanna 2017 (De réir na Roinne Oideachais)</p>	<p>Nósanna imeachta agus próisis riachtanacha i bhfeidhm agus Scoileanna agus Ionaid ag cloí leo,</p>	<p>Comhlíonadh leanúnach</p>	<p>Comhlíontach</p>
